Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2023 (OR. en)**

**15415/23**

**SOC 768**
**EMPL 551**
**ECOFIN 1178**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Infheistíocht shóisialta<br>- Díospóireacht bheartais<br>Infheistíocht shóisialta agus rialacha fioscacha an Aontais<br>- Cur i láthair ón Uachtaránacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis na hábhair thuasluaite, mar ullmhúchán don díospóireacht bheartais agus don chur i láthair ón Uachtaránacht ag an gComhairle (EPSCO) an 27 agus an 28 Samhain 2023.

**Infheistíocht shóisialta**

**Nóta stiúrtha don díospóireacht bheartais**

Is é is cuspóir don nóta seo díospóireacht bheartais na Comhairle maidir le hinfheistíocht shóisialta a stiúradh mar a bhfuil gnéithe éagsúla den chúlra beartais leagtha amach ann (roinn I), ceisteanna éagsúla molta chun an díospóireacht a threorú (roinn II) agus tuairim na hUachtaránachta á cur i láthair maidir le príomhghnéithe na hinfheistíochta sóisialta agus rialacha fioscacha an Aontais (roinn III).

* * *

## (I) Cúlra beartais

Measann Uachtaránacht na Spáinne go bhfuil tábhacht faoi leith leis an infheistíocht shóisialta. Is tráthúil é an díospóireacht pholaitiúil sa Chomhairle maidir leis an ábhar sin.

Mar sin féin, i bhfianaise a chasta atá an t-ábhar, is iomchuí é go mbeadh an machnamh polaitiúil sa réimse sin bunaithe freisin ar ghnéithe teicniúla a gcaithfear dianstaidéar a dhéanamh orthu agus lena dtugtar gnéithe éagsúla le chéile.

Bhí seisiún tuairimíochta ag na hAirí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí acu an 14 Iúil 2023, maidir leis an gcaoi is féidir le hinfheistíochtaí sóisialta agus athchóirithe gaolmhara tacú go héifeachtúil le geilleagair athléimneacha agus maidir le ról Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i gcreat rialachais eacnamaíoch an Aontais. Thacaigh cuid de na hairí leis an dearcadh gur féidir gnóthachain táirgiúlachta agus fás eacnamaíoch níos airde a bhaint amach le hathchóirithe agus infheistíochtaí dea-cheaptha atá bunaithe ar chur chuige na hinfheistíochta sóisialta, agus go háirithe iad siúd lena gcothaítear an caipiteal daonna, le cois cuspóirí sóisialta a chur chun cinn, agus go n-éilíonn sin tuilleadh machnaimh fianaisebhunaithe.

Ag eascairt as an bplé, sheol Uachtaránacht na Spáinne agus Uachtaránacht inteachta na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh Meitheal Neamhfhoirmiúil um Infheistíocht Shóisialta (IWGSI). Is é príomhchuspóir IWGSI, meitheal ina dtagann gníomhaithe éagsúla institiúideacha agus náisiúnta le chéile, plé a chothú ó thaobh na hacadúlachta de maidir leis an idirghníomhú idir infheistíochtaí sóisialta agus athchóirithe, fás eacnamaíoch, cobhsú maicreacnamaíoch agus cóineasú sóisialta aníos.

Tá 24 thír de chuid an Aontais páirteach sa mheitheal: an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn. Ina theannta sin, ghlac ionadaithe ón Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, coiste EMPL Pharlaimint na hEorpa, cathaoirligh an Choiste Fostaíochta (EMCO) agus an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) agus ionadaithe Chomhpháirtithe Sóisialta an Aontais páirt i ngníomhaíochtaí na Meithle Idirnáisiúnta.

Pléadh dhá phríomhlíne oibre faoi chuimsiú IWGSI. Ba leis an bhfianaise eimpíreach i dtaobh an toradh micreacnamaíoch agus maicreacnamaíoch a bhíonn ar infheistíochtaí sóisialta a bhain an chéad cheann. Ba ar mhodheolaíochtaí chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí ar infheistíochtaí sóisialta a bhí an dara ceann dírithe.

Tháinig IWGSI le chéile ceithre huaire: an 5 Meán Fómhair 2023, an 28 Meán Fómhair 2023, an 19 Deireadh Fómhair 2023, agus an 3 Samhain 2023. Eagraíodh comhdháil ardleibhéil an 8 Samhain, dar teideal 'Infheistíochtaí Sóisialta do gheilleagair agus sochaithe athléimneacha: rialacha fioscacha an Aontais réidh don todhchaí', le hionadaithe ón saol acadúil, ó institiúidí náisiúnta agus ó institiúidí an Aontais chun príomhthorthaí IWGSI a phlé. Leanfar den obair sna míonna atá romhainn, d'fhonn cur le machnamh na hUachtaránachta maidir leis an ullmhúchán do dhíospóireacht chomhpháirteach bheartais na nAirí Airgeadais agus na nAirí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta, a reáchtálfar an 12 Márta 2023.

Mar thoradh ar an obair a rinneadh go dtí seo agus ar na seisiúin thuairimíochta a tionóladh, cuireadh doiciméad oibre ar fáil ina moltar sainmhíniú oibríochtúil ar infheistíocht shóisialta, ina gcuirtear i láthair foilseacháin eolais faoi thorthaí eacnamaíocha agus sóisialta na n-infheistíochtaí sóisialta, agus ina moltar bealaí éagsúla a bhféadfaí meastóireacht a dhéanamh ar infheistíochtaí sóisialta chomh maith le réimse leathan uirlisí modheolaíochta chun torthaí na n-infheistíochtaí sin a thomhas. Ag tógáil ar an obair sin, dhréachtaigh an Uachtaránacht sraith de phríomhtheachtaireachtaí ina dtugtar achoimre ar thorthaí an doiciméid oibre agus ina sainaithnítear gníomhaíochtaí éagsúla a bhféadfaí dul ina mbun. Seo a leanas cur síos ar na teachtaireachtaí sin.

**(II) Iarrtar ar na hAirí na ceisteanna a leanas a phlé:**

1. Is díol suntais an obair mhór a rinneadh chun cur chuige na hinfheistíochta sóisialta a chur chun cinn laistigh de chlár oibre sóisialta an Aontais. Cuireann infheistíochtaí sóisialta dea-cheaptha leis an bhfás eacnamaíoch, agus ar an gcaoi sin tacaíonn siad leis an inbhuanaitheacht fhioscach, ach tá ról ríthábhachtach acu freisin maidir le cóineasú sóisialta aníos a chur chun cinn. Faoi chuimsiú rialachas eacnamaíoch an Aontais, cad é go sonrach is féidir a bhaint amach le hinfheistíochtaí sóisialta agus le hathchóirithe gaolmhara? Conas is féidir na Ballstáit a spreagadh go héifeachtach chun infheistiú ina threo sin? Thairis sin, cén chaoi a bhféadfadh EPSCO a bheith lárnach sa chomhthéacs sin?

2. Má táthar le tacú le ceapadh beartais shóisialta fianaisebhunaithe, caithfear ar dtús an modheolaíocht maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí eacnamaíocha agus sóisialta a neartú agus a fheabhsú. Tugadh faoi thionscnaimh éagsúla ina leith sin, le blianta beaga anuas, mar shampla modhanna tuartha reatha a fhorbairt chun tráthúlacht na dtáscairí sóisialta a fheabhsú. Threisigh go leor de na Ballstáit lena gcumais mhicri-ionsamhlúcháin freisin nó chuir siad modhanna eile chun feidhme le haghaidh measúnuithe tionchair (agus/nó ex ante). Cad iad na bearta sonracha a mheasann tú is gá chun beartais shóisialta fhianaisebhunaithe a chur chun feidhme agus a thabhairt chun cinn go gearrthéarmach agus go meántéarmach i do thír féin?

## (III) Infheistíocht shóisialta - Príomhtheachtaireachtaí ón Uachtaránacht

Na príomhtheachtaireachtaí ó Uachtaránacht na Spáinne agus ó Uachtaránacht inteachta na Beilge ag tógáil ar an obair a rinne an Mheitheal Neamhfhoirmiúil um Infheistíocht Shóisialta

**An chéad teachtaireacht: Peirspictíocht conaire saoil ag stáit leasa an lae inniu**

- Tá an pheirspictíocht conaire saoil lárnach i stáit leasa an 21ú haois. Is ar mheascán tomhaiste den dá ghné seo a leanas, atá stáit leasa an lae inniu fothaithe:
    - **Infheistíochtaí sóisialta**, lena n-áirítear beartais atá dírithe ar cháilíocht 'stór' an chaipitil dhaonna agus na gcumas daonna a fheabhsú agus a chothú, chomh maith le 'sreabhadh' na n-aistrithe i margadh an tsaothair agus feadh an tsaoil a éascú agus a fheabhsú.
    - **Cosaint shóisialta**, lena n-áirítear beartais atá dírithe ar mhaoláin stóinseacha sábhála uilechoiteanna a choinneáil ar bun mar chosaint ar na himpleachtaí airgeadais a ghabhann le rioscaí sóisialta (mar shampla: breoiteacht, seanaois, tionóiscí ag an obair agus caillteanas post) agus cobhsú maicreacnamaíoch.
- Bíonn **iolraitheoir na conaire saoil**, mar a thugtar air, i gceist a bhuí le teaglaim na bhfeidhmeanna beartais sin, atá comhlántach agus a threisíonn a chéile. Gabhann buntáistí folláine, i bhfáinne óir, le hinfheistíochtaí sóisialta, ó thús deireadh na conaire saoil, buntáistí ó thaobh deiseanna fostaíochta, folláine agus comhionannas inscne de; agus cabhraíonn siad leis an mbochtaineacht ionghlúine agus idirghlúine a mhaolú.

**An dara teachtaireacht: Infheistíochtaí sóisialta mar spreagadh don fhás**

- Cuireann infheistíochtaí sóisialta dea-cheaptha leis an bh**fás eacnamaíoch**, agus ar an gcaoi sin tacaíonn siad freisin leis an inbhuanaitheacht fhioscach, agus an cóineasú sóisialta aníos á chur chun cinn ag an am céanna.
- Bíonn tionchar díreach ag infheistíochtaí in **oideachas ardcháilíochta**, lena n-áirítear in oideachas agus i gcúram luath-óige (ECEC), ar an bhfás, os rud é go gcuirtear le deiseanna fostaíochta (agus go ndéantar, ar an gcaoi sin, na bearnaí fostaíochta agus pá idir na hinscní a laghdú), go gcuirtear leis an gcumas nuálaíochta agus agus leis an táirgiúlacht, agus, go ndéantar, ar an gcaoi sin, an bonn cánach a leathnú
I bpeirspictíocht na todhchaí chun leasa an airgeadais phoiblí.

- Cothaíonn infheistíochtaí in **uas-sciliú agus in athsciliú** fás eacnamaíoch freisin mar a gcuirtear leis an iomaíochas agus leis an táirgiúlacht, lena n-áirítear trí acmhainneacht láidir nuálaíochta agus trí theicneolaíochtaí nua a ionsú, agus freisin trína áirithiú go mbeidh an soláthar scileanna in oiriúint do na scileanna a bheifear a éileamh, agus trí ionchais infhostaitheachta a fheabhsú.

- Bíonn toradh eacnamaíoch freisin ar **bheartais ghníomhacha** dhea-fheidhmiúla agus éifeachtacha **maidir leis an margadh saothair** (ALMP) agus ar sheirbhísí poiblí fostaíochta dea-fheidhmiúla agus éifeachtacha, mar a ndéantar éifeachtúlacht mhargadh an tsaothair a mhéadú, ganntanais scileanna agus mí-oiriúintí scileanna a mhaolú, agus rannpháirtíocht grúpaí atá faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair a neartú.

- Cuidíonn infheistíochtaí i g**cúram othar seachtrach agus i gcúram príomhúil agus i gcúram fadtéarmach** le cúram sláinte níos fearr agus bíonn deis coigilteas ann freisin (trí bhíthin costais laghdaithe chun seirbhísí áirithe a sholáthar) agus tacaíonn siad, ar an gcaoi sin, leis an inbhuanaitheacht fhioscach.

**An tríú teachtaireacht: Cosaint shóisialta agus cobhsú eacnamaíoch**

- Tá dlúthbhaint ag córais cosanta sóisialta atá cuimsitheach agus deartha go maith, go háirithe sochair dhífhostaíochta agus scéimeanna oibre gearr-ama, tá dlúthbhaint acu leis an athléimneacht in aghaidh turrainge, i.e. cumas na tíre turraingí sistéamacha a sheasamh.

- Feictear torthaí eacnamaíocha ar chaiteachas cosanta sóisialta:

    - ar an **micri**leibhéal, i gcás an duine aonair agus i gcás an teaghlaigh: is tríd an ioncam agus an tomhaltas, den chuid is mó, a bheadh an spreagadh fáis le brath, agus freisin trí bhíthin carnadh sócmhainní táirgiúla (lena n-áirítear caipiteal daonna) a chumasú agus trí bhíthin caipiteal táirgúla a chosaint i ndiaidh turrainge é sin. Ina theannta sin, cothaíonn an chosaint shóisialta fiontraíocht agus nuálaíocht, trí an col riosca a mhaolú ar leibhéal an duine aonair agus éifeachtaí iolraitheora a ghiniúint ar leibhéal an phobail.

    - Ar ar an **macra**ileibhéal: bíonn éifeachtaí spreagtha fáis ag an gcosaint shóisialta ar an ngeilleagar trí tháirgiúlacht comhiomlán teaghlaigh a mhéadú, trí éileamh comhiomlán a spreagadh agus trí chur, ar an gcaoi sin, leis an bhfostaíocht, go háirithe trí chaiteachas frith-thimthriallach le linn sleabhcadh eacnamaíoch.

- Is beag aird a tharraing na taighdeoirí ar thorthaí eacnamaíocha an chaiteachais ar an gcosaint shóisialta. Ní mór tuilleadh fianaise eimpírí maidir leis na torthaí sin agus an ról treisithe a d'fhéadfadh a bheith ag an infheistíocht shóisialta sa chomhthéacs sin.

- Tacaíonn staidéir éagsúla leis an dearcadh go gcuireann an neamhionannas bac ar an bhfás san fhadtéarma. Tagraíonn na foilseacháin eolais freisin don éifeacht dhearfach a d'fhéadfadh a bheith ag an neamhionannas ar an bhfás trí dhreasachtaí díobhálacha (don nuálaíocht agus don fhiontraíocht) agus tríd an gcoigilteas agus tríd an infheistíocht.

**An ceathrú teachtaireacht: Bealaí a bhféadfaí torthaí na n-infheistíochtaí sóisialta a thomhas**

- Mar is fíor i gcás cinntí eacnamaíocha ar bith, ní mór deischostas na n-infheistíochtaí sóisialta a chur san áireamh. Déanann na heacnamaithe iarracht aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin trí na costais agus na sochair a bhaineann le gach rogha a mheas; saintréith den anailís costais is tairbhe (CBA) í féachaint le héifeachtaí uile rogha beartais a thomhas in aonaid airgeadaíochta.

- I réimse na n-infheistíochtaí sóisialta, tá sé thar a bheith dúshlánach costais, agus go háirithe tairbhí, a chur in iúl i dtéarmaí airgeadaíochta. Is iondúil nach mbíonn luach airgeadaíochta ag éifeachtaí áirithe (mar shampla, laghdú ar an mbochtaineacht nó méadú ar an gcuimsiú sóisialta, torthaí sláinte níos fearr), cé go mbíonn tionchar acu ó thaobh na heacnamaíochta de. Le hanailís ar chinntí ilchritéar (MCDA) is féidir raon leathan critéar measúnaithe a mheas.

- Is go fadtéarmach, agus sin amháin, is féidir breathnú ar chuid de na torthaí ar infheistíocht shóisialta. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh sonraí fadama, ó shuirbhéanna agus/nó ó fhoinsí riaracháin, lena gcumhdófaí tréimhsí fada ama.

- Is cur chuige comhlántach i leith CBA é Measúnú Tionchair Dáileacháin (DIA). Is éard atá i gceist leis sin anailís chainníochtúil lena soláthraítear measúnú ar éifeachtaí dáileacháin na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí, agus dá bhrí sin ar a dtionchar ar ioncaim ghrúpaí éagsúla, agus, i ndeireadh na dála, ar an neamhionannas ioncaim agus ar an mbochtaineacht.

- Gabhann teorainneacha agus dúshláin le roghnú an chur chuige ábhartha agus na dtosca a bheidh le cur san áireamh sa samhaltú, ar teorainneacha agus dúshláin iad a bhaineann go sonrach le réimse na n-infheistíochtaí sóisialta. Cé nach féidir le samhail ar bith na gnéithe sin go léir a chur san áireamh ag an am céanna, tá sé tábhachtach go mbeadh na roghanna maidir le toimhdí trédhearcach, agus go mbeadh na modhanna bunaithe ar anailís eolasach.

- D'fhéadfaí treoirlínte comhchoiteanna a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chun naisc shoiléire a shainaithint, chun anailís ardcháilíochta ar infheistíocht shóisialta agus ar a dtorthaí eacnamaíocha agus sóisialta a chur chun cinn agus a áirithiú agus chun na bunchúiseanna a scrúdú a thuilleadh.

- Dá bhrí sin, is féidir modhanna éagsúla a úsáid chun na torthaí ar infheistíochtaí sóisialta a thomhas, ar an micrileibhéal agus ar an macraileibhéal araon, mar shampla:

    - Ar an micrileibhéal: Micrea-ionsamhlaithe, Trialacha Rialaithe Randamach, Modhanna meaitseála, Dearadh Neamhchoinneálach maidir le Rialáil, Difríocht i nDifríocht, Modhanna cáilíochtúla (sainghrúpaí agus agallaimh dhomhain)

    - Ar an macraleibhéal: Modh na Moimintí Ginearálaithe, Anailís ar Éifeachtúlacht Tosaigh, Maitrís Chuntasaíochta Sóisialta agus Samhlacha Ginearálta Cothromaíochta Inaistrithe

D'fhéadfaí obair thaiscéalaíoch a mheas ar bhealach úsáideach chun measúnú a dhéanamh ar na hidirghníomhaíochtaí idir sonraí eacnamaíocha agus sóisialta d'fhonn léargas níos cuimsithí agus níos ilchuspóra a sholáthar ar an idirghaolmhaireacht idir an geilleagar agus folláine na sochaí, agus an obair is déanaí ar Chóras na Cuntasaíochta Eacnamaíche Comhshaoil (SEEA) á cur san áireamh mar shampla.

**An cúigiú teachtaireacht: Cumas staidrimh chun infheistíochtaí sóisialta a mheas.**

- I réimse na hinfheistíochta sóisialta, tá ról lárnach ag bainistiú sonraí agus rochtain ar shonraí chomh maith le huirlisí staidrimh agus acmhainneacht i gcinnteoireacht, i measúnuithe tionchair a chumasú, agus i gceapadh beartais níos fearr. Cuimsíonn infheistíocht shóisialta raon leathan beartas, agus tá rochtain ar shonraí iomchuí ríthábhachtach chun meastóireacht a dhéanamh orthu.

- Tá dlúthnasc idir ceist na sonraí agus **an beartas poiblí** agus an infheistíocht shóisialta **a fhoirmliú agus a mheas**. Go deimhin, tá cruinneas agus cáilíocht na dtorthaí a chuirtear ar fáil leis na huirlisí measúnaithe éagsúla atá ar fáil (cibé acu macrai nó micrea iad, ex-ante nó ex-post) ag brath go mór ar na sonraí atá ar fáil. Tá baint aige freisin leis an **trédhearcacht** agus leis an **gcuntasacht**.

- Is minic a bhíonn gá le sonraí níos mionsonraithe chun raon na measúnuithe tionchair a leathnú tuilleadh. Chun anailís chuimsitheach a dhéanamh, teastaíonn sampla suntasach ionadaíoch a chuimsíonn na comhpháirteanna riachtanacha de na beartais éagsúla atá á scrúdú. Ba cheart, dá bhrí sin, tús áite a thabhairt d'infhaighteacht fheabhsaithe **sonraí riaracháin** le haghaidh measúnuithe tionchair beartais ex-ante agus ex-post, mar aon le comhlántachtaí a fheabhsú le sonraí suirbhé inchomparáide ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

- Chun an méid sin a bhaint amach, tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar ábhair imní maidir le **príobháideachas, slándáil sonraí, maorlathas,** agus **easpa dreasachtaí maidir le trédhearcacht**, iomaíocht idir institiúidí, etc. Cuireann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) sraith castachta le hinrochtaineacht sonraí, rud a chruthaíonn dúshlán suntasach, go háirithe i gcomhthéacs Eorpach.

- Tá sé ríthábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir príobháideachas agus slándáil sonraí a chosaint agus an gá atá le meastóireacht níos éifeachtaí a dhéanamh ar bheartais phoiblí. Ní mór creataí dlíthiúla soiléire agus rialacháin shoiléire a bhunú chun comhroinnt sonraí a threorú, agus ní mór dreasachtaí a chruthú chun trédhearcacht agus comhoibriú a spreagadh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart leas iomlán a bhaint as an nGníomh Eorpach um Rialachas Sonraí is infheidhme ó mhí Mheán Fómhair 2023.

- Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le tráthúlacht tháscairí sóisialta an Aontais. Mar sin féin, tá sé tábhachtach **an tráthúlacht** sin a fheabhsú a thuilleadh, **trí shonraí níos tráthúla agus trí acmhainní tuartha reatha.** Leis na Mearmheastacháin arna ríomh ag Eurostat, is bealach maith é le sin a dhéanamh.

Tá an Doiciméad Oibre, a d'ullmhaigh an Spáinn agus an Bheilg i gcomhpháirt faoi chuimsiú IWGSI, ar fáil anseo https://www.inclusion.gob.es/documents/384697/3692129/IWGSI+-+Working+Document+14112023.pdf. Tugtar sainmhíniú oibríochtúil ar infheistíocht shóisialta sa doiciméad seo, déantar iniúchadh cuimsitheach ar na torthaí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le hinfheistíochtaí sóisialta agus moltar cineálacha éagsúla cur chuige chun meastóireacht a dhéanamh ar infheistíochtaí den sórt sin. Ina theannta sin, tugtar isteach leis réimse leathan uirlisí modheolaíochta atá ceaptha chun na torthaí sin a thomhas go héifeachtach.